

❖ An Lúibín ❖

20 Bealtaine 2018

Cé tá ag scríobh i nGaeilge?

Sa bhliain 2016 d'fhoilsigh *Tuairisc.ie* píosa le beirt údar Gaeilge, Anna Heussaff agus Éilís Ní Anluain – ‘Scríbhneoirí na Gaeilge – cé mhéad acu atá ann agus cad atá á scríobh acu?’¹ Shíl siad ag an am go raibh os cionn 500 scríbhneoir Gaeilge inár measc inniu – ‘daoine ar foilsíodh ar a laghad leabhar amháin Gaeilge leo, nó a raibh dráma nó script leo ar stáitse nó ar chainéal aitheanta’. Dá gcuirfí san áireamh gach duine ar foilsíodh scéal, dán, blag nó alt léinn leo in irisí na Gaeilge nó a bhuaigh duais i gComórtais Liteartha an Oireachtais, seans go mbeadh 700 ainm ann, dar leo.

Beagnach dhá bhliain sular scríobhadh an píosa sin cuireadh Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ar bun. In alt a scríobh Anna Heussaff agus Éilís Ní Anluain do *Tuairisc.ie* le déanaí, tá an méid seo le rá acu:

Cé hiad scríbhneoirí Gaeilge an lae inniu? Cén dream is líonmhaire ina measc – filí, gearrscéalaithe, scríbhneoirí don aos óg, lucht critice nó eile? Cad iad na haoisghrúpaí is treise ina measc? An bhfuil scríbhneoirí comhaimseartha againn ó gach contae in Éirinn, gach cathair, gach Gaeltacht? Tá suirbhé ar bun ag Aontas na Scríbhneoirí maidir leis na ceistanna seo – agus más scríbhneoir tusa ar foilsíodh leabhar amháin leat ar a laghad, nó drámadóir a raibh dráma nó script leat ar stáitse nó ar chainéal aitheanta, ba bhreá leis an Aontas go líonfá ceistneoir gairid. Ní gá bheith i do bhall den Aontas chuige sin.²

Tá an ceistneoir agus roinnt eolais ar an tionscadal le fáil anseo:

<http://www.aontasna-scribhneoirigaeilge.ie/sonraí-nuachta.php?ID=28>.

Níl sé fada – níl ag teastáil ach d’ainm, an áit ar fhoghlaim tú Gaeilge, aon leabhair nó eile atá foilsithe agat, beagán eolas breise (más gá) agus do sheoladh ríomhphoist (nach bhfoilseofar). San alt úd thuas luaitear filí, úrscéalaithe, gearrscéalaithe, criticeoirí, staraithe, scríbhneoirí taistil agus eile; drámadóirí, scriptscríbhneoirí, eagarthóirí cnuasach, aistritheoirí. Ach ní áireofar údair leabhar a sholáthraítear do scoileanna amháin.

Tá suíomh gréasáin nua á dhearadh don Aontas agus beidh torthaí an tsuirbhé le feiceáil i mBunachar na Scríbhneoirí Gaeilge. Liosta inchuadaithe atá i gceist mar áis ag léitheoirí, lucht eagraithe féilte, leabharlannaithe, iriseoirí agus taighdeoirí.

Beidh suim ar leith ag *An Lúibín* san uimhir scríbhneoirí thar lear a bheidh le fáil ar an liosta. Tá siad ann, go háirithe i Meiriceá Thuaidh. Léiriú amháin é sin ar an bhfuinneamh a bhaineann leis an teanga mar uirlis chumadóireachta agus chumarsáide, fuinneamh arbh fhiú don saol mór ceann a thógáil dó.



1 <https://tuairisc.ie/scríbhneoirí-na-gaeilge-ce-mhead-acu-ata-ann-agus-cad-ata-a-scríobh-acu/>

2 <https://tuairisc.ie/a-scríbhneoirí-na-gaeilge-ta-ceistanna-againn-oraibh-eolas-a-lorg-do-thaighde-nua/>

Pitt agus an Ghaeilge

Ollscoil taighde in Pennsylvania is ea Ollscoil Pittsburgh (nó Pitt mar a thugtar go coitianta uirthi). Bunaíodh í sa bhliain 1787 mar an Pittsburgh Academy; sa bhliain 1819 athbhaisteadh í mar Ollscoil Iartharach Pennsylvania, agus tar éis cúpla aistriú beag taobh istigh den cheantar athbhaisteadh arís í sa bhliain 1908 mar Ollscoil Pittsburgh. Stair cuíosach fada atá aici, mar sin. Tá timpeall 20,000 mac léinn ann, agus tá scata beag ag déanamh staidéar ar an nGaeilge agus ar dhúchas na hÉireann.



An campas íochtarach: croílár Ollscoil Pittsburgh

Wikimedia Commons

Bean as Gaillimh – Marie Young – atá i gceannas na hoibre. Tháinig sí sa bhliain 2001 ach thosaigh an cúrsa deich mbliana roimhe sin. Tá sé leibhéal teanga ann, cúrsaí litríochta agus staire agus aon chlár déag a bhaineann le staidéar thar lear.

Faoi láthair tá 140 mac léinn ann agus éagsúlacht ag baint leo. Tá na ranganna beag agus spleodrach, agus tá iarracht á déanamh ar an gcúrsa a dhainiú sa churaclam mar mhionábhar, in éineacht lena lán teangacha eile ar nós Hiondúise, Quechua agus Vítneamaise, rud a chuirfeadh an Ghaeilge ar fáil i roinnt disciplíní difriúla.

Tá cuntas i nuachtlitr Pitt ar chailín amháin a bhí ‘sick of Spanish and French’ agus nach raibh a fhios aici fiú gur theanga í an Ghaeilge go dtí gur bhain sí Pitt amach. Chuaigh sí isteach sa rang agus fuair amach go raibh dúil mhór aici sa teanga. Bheadh a leithéidí eile ann. Agus dá bhfaigheadh cúigear féin as an 140 úd máistreacht ar an teanga amach anseo bheadh éacht déanta.

Féach

<https://pittnews.com/article/129040/news/get-your-gaelic-on-professor-preserves-irish-language/>



An Cambridge History of Ireland – an leagan nua

Tá sé tagtha amach – an leagan is déanaí den *Cambridge History of Ireland*. Mura bhfuil sé léite fós ag *An Lúibín*, tá eolas le fáil ó Thomas Bartlett agus Jane Ohlmeyer, beirt a raibh baint acu leis an obair agus alt scríofa acu san *Irish Times*.³ Ceithre imleabhar atá ann agus (míorúilt!) níor thóg sé ach ceithre bliana é a chur amach. Is í Ohlmeyer an t-eagarthóir ginearálta.

Bhí tráth ann agus is beag alt nó leabhar a bhí á fhoilsiú i dtaobh stair na hÉireann. Anois tagann na hailt amach gan staonadh agus ní stadann foilsitheoirí in Éirinn, cinn acadúla agus eile, ach ag cur saothair thábhachtacha i gcló. Agus sin gan trácht ar a bhfoilsíonn preasanna acadúla sa Bhreatain agus sna Stáit. As an mborradh sin a fáisceadh an foilseachán nua seo.

Deirtear go bpléitear ceisteanna ‘nua’ anseo nach raibh le fáil, mórán, sna heagráin a tháinig amach roimhe seo – cúrsaí inscne, clódóireachta, timpeallachta, cultúir, spóirt, siamsa, cuimhne agus eile. Ní dhéantar faillí sna ‘seancheisteanna’ ach oiread – na hUiginnigh, cúrsaí polaitíochta, ceisteanna talún, ceannairce agus geilleagracha, an saol sóisialta agus an reiligiún. Tá méadú iontach tagtha ar an ábhar taighde atá ar fáil. Tá athrú an-mhór tagtha ar an staidéar a dhéantar ar na meánaoiseanna de bharr a ndearnadh de thochailt sheandálaíoch i rith thréimhse an ratha idir tús na nóchaidí agus 2007.

Is iomaí dearcadh a nochtar ann, dar le hOhlmeyer – íseal agus uasal, cultúr mín agus dúchas na páirce agus na sráide. Déantar daoine agus imeachtaí a mheas arís. Tugtar aird ar mhná agus ar an bpobal coitianta. Níl na scríbhneoirí ar aon intinn faoi gach rud, áfach: tá éagsúlacht ag baint leis an míniú agus na tuairimí.

Fágann sin ceist na bhfoinsí. Mar a deir Ohlmeyer:

We are also acutely aware of the limitations of the evidence and of the dangers of overrelying on the English-language archives of the State... In these volumes every effort has been made to interrogate all available evidence in whatever language it exists and in every form that it survives – written, visual, material, physical and oral.

Tá cartlanna le fáil anois nach raibh teacht orthu roimhe seo, a bhuíochas sin ar an teicneolaíocht – páipéir Stáit, litreacha, nuachtáin agus paimfléid, an *Corpus of Electronic Texts (CELT)*, *Down Survey* Petty, daonáirimh na mblianta 1901 agus 1911, agus a lán eile. Tá a rian sin ar an eagrán nua, más fíor.

Saothar é nach mór dúinn uile a léamh.



Scannáin

Tá dhá scannán Gaeilge, *Mo ghrá buan* agus *Foscadh*, roghnaithe ag TG4 de réir scéim Cine4 agus súil le maoiniú dá bharr. Cuirfeadh na scannáin faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann, agus má fhaightear an t-airgead beidh buiséad suas le €1.2 milliún le fáil ag Magamedia Productions i nGaillimh agus ag Macalla Teo i mBaile Átha Cliath.


Is annamh Gaeilge le cloisteáil ar an scáileán mór. Mar sin féin, tá cuid den teanga le cloisteáil in

³ <https://www.irishtimes.com/culture/books/bolder-and-wiser-our-new-and-improved-history-of-ireland-1.3479285>

Black 47 (arbh é Lance Daly a stiúir é), scéinséir faoin Drochshaol, fiú mura moladh ar fad a fuair an scannán féin. Úsáidtear Gaeilge freisin i scannán Astrálach le Jonathan auf der Heide, *Van Diemen's Land*, agus í le cloisteáil sa chaint agus sa ghuthú; tá leagan gearr den scannán, *Hell's Gates*, le fáil ar YouTube.⁴ Tá *Poitín* ann (1977), scannán le Bob Quinn atá suite i gConamara sgud é ina eiseamláir ag scannánaíthe eile.

Má dhéantar an dá scannán úd thuas, beidh siad le feiceáil ar TG4, ar ndóigh; ba chóir iad a thaispeáint sna pictiúrlanna freisin, cé gur dócha na mbeadh an slua scafa chucu – seanfhadhb na scannán seanealaíne, ós léir nach scannáin gháifeacha mhóréilimh atá i gceist anseo. Ina dhiaidh sin is uile, tá tábhacht i gcás na Gaeilge le scannáin dhea-dhéanta agus go háirithe le cinn atá fada a ndóthain chun aird a tharraingt orthu féin thar lear.

Tá *Black 47* agus *Van Diemen's Land* bunaithe ar imeachtaí staire. Níl easpa staire ar Éirinn, cibé rud eile atá de dhíth uirthi, agus ba dhóigh leat go mbeadh tairbhe á bhaint ag lucht scannánaíochta eile as ar thit amach fadó. Ní hamháin sin, ach go mbeadh an tairbhe céanna le fáil as ar tharla do na hÉireannaigh i dtíortha eile. B'fhéidir go dtiocfadh an lá. Idir an dá linn, feicimis cén toradh a bheidh ar scéim Cine4.



Póstaer an scannáin *Van Diemen's Land*

Mar fhocal scoir, cuimhnimis go ndéantar corrscannán gearr i nGaeilge na hAlban. Ar na scannáin sin tá *Siubhlachan (Taistealaí)* agus é suite in Inse Ghall. Féach <https://www.youtube.com/watch?v=L6nce2T0OZM>.



Foclóir ar aip

⁴ https://www.youtube.com/watch?v=u033oAq_Ti0

Tá aip don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge ann anosi agus í saor in aisce. Tá beagnach 50,000 iontráil ann, mar aon le comhaid ghramadaí agus comhaid fuaime. Tá baint aici le suíomh [focloir.ie](https://www.focloir.ie), a bhfuil milliún úsáideoir ag baint tairbhe as in aghaidh na bliana áit ar fud an domhain. Tá Foras na Gaeilge ag súil go mbeidh an aip á húsáid ag daltaí scoile agus ag mic léinn.

Seo é an leagan is déanaí d'aip a soláthraíodh den chéad uair sa bhliain 2015. Má cheannaigh tú an chéad leagan tá tú fós i dteideal an leagan nua a fháil saor in aisce. Beidh gach cuid den aip ar fáil as líne, beag beann ar cheangal idirlín, seachas na comhaid fuaime – ní foláir a bheith ar líne chun iad a úsáid).

Féach <https://www.focloir.ie/ga/page/app.html>.



Athrú polasaí i cúrsaí gaeiloideachais

Tá Roinn Oideachais agus Scileanna na hÉireann chun freastal ceart a dhéanamh ar an éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge, a bhuíochas sin ar an gCoimisinéir Teanga, a chuir in iúl go raibh an dlí á shárú ag an Roinn. Faoi láthair is é an pátrún is mó a fhaigheann éileamh ón bpobal a roghnaítear agus scoileanna nua á bunú.⁵ Is é an deacracht atá ann ó thaobh na gaeiloideachais de nach aithnítear an t-éileamh a bheadh ag mionlach ar scoileanna dá gcuid féin. Ní thugtar aird ach ar phobal mór an Bhéarla.

Dúirt an Coimisinéir Teanga go raibh an tAcht Oideachais, 1998, sáraithe ag an Roinn toisc nár chomhlíon siad a ndualgais reachtúla teanga agus bunscoil nua le bunú i gceantar pleanála scoile Dhroim Conrach/ Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

Dá bhrí sin tá an Roinn ag socrú cúrsaí i dtreo go mbunófaí dhá scoil – ceann lán-Bhéarla agus ceann lán-Ghaeilge – ach éileamh a bheith ag roinnt áirithe tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.

Idir an dá linn, tá béim nua le cur ar labhairt na Gaeilge sa tSraith Shóisearach i scoileanna na hÉireann. Anuas go dtí seo bhí an bhéaltriall Ghaeilge roghnach sa Teastas Sóisearach agus an bhliain seo caite rinne níos lú na 40% de dhaltáí an bhéaltriall sin. Anois, áfach, is féidir measúnú a dhéanamh sna scoileanna féin (in áit é a fhágáil faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit), agus ba chóir go mbeadh an measúnú níos éasca dá bharr. Ach ní fhuasclaíonn sin fadhb eile – múinteoirí cáilithe Gaeilge a bheith chomh mór sin de dhíth ar na scoileanna i gcoitinne.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁵ In Éirinn is é an pátrún an foras a bhunaíonn an scoil agus a cheapann Bord Bainistíochta. Tá pátrúin shainchreidmheacha ann agus pátrúin atá il-sainchreidmheach. Tá pátrúin eile ann a chuireann scoileanna lán-Ghaeilge ar bun.

